



Ceistiú a Dhéanamh níos Éifeachta

Le linn duit a bheith ag pleanáil ceistiú níos éifeachtaí tá sé ina chúnadh díriú ar cén fáth a bhfuil tú ag cur na ceiste sa chéad dul síos. Léiríonn an tábla thíos roinnt den iomad cuspóirí atá le ceisteanna a chur sa seomra ranga.

Cuspóir na ceiste	Samplaí
Chun scoláirí a spreagadh le machnamh ar a dtuiscint ar choincheapa.	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an smaoineamh is tábhachtaí ó phlé an lae inniu? • An féidir leat an coincheap a mhíniú i do chuid focal féin? • In áit 'an dtuigeann tú? Abair 'Tabhair sampla dom chun go mbeidh a fhios agam go dtuigeann tú'.
Chun a iarraidh ar scoláire ráiteas doiléir a shoiléiriú	<ul style="list-style-type: none"> • An ndéarfadh tú beagán níos mó ar an bpointe sin? • An dtabharfaidh tú tuilleadh mínithe?
Chun scoláirí a spreagadh chun tuairimí, luachanna agus mothúcháin a fhiosrú	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na luachanna nó na tuairimí a thacaíonn leis an argóint seo? • Cad é a raibh tionchar aige ar an rud a mhothaíonn tú/ a chreideann tú faoin topaic?
Chun scoláirí a spreagadh chun coincheap a fheiceáil ó dhearcadh eile	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an dearcadh ar an gceist seo, dar leat, a bheidh ag daoine nach n-aontaíonn tú leo? • Samhlaigh conas a d'fhéadfadh sé sin feidhmiú i gcás eile nó le fadhb eile?
Chun scoláirí a spreagadh chun tacú lena ndearbhuithe agus a léirmhínithe	<ul style="list-style-type: none"> • Conas atá sé sin ar eolas agat? • Cad é a thug ort teacht ar an gcinneadh sin? • Cá bhfuil an fhianaise? An bhfuil sí iontaoifa?
Chun scoláirí a spreagadh chun freagairt dá chéile	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an bharúil atá agat ar an smaoineamh a nocht do pháirtí ranga? • An aontaíonn tú leis nó an bhfuil dearcadh eile agat ar an gceist? Mínigh.
Chun cur le smaointeoireacht scoláirí agus í a dhoimhniú	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na tuiscintí is cúis le do smaointeoireacht? • Cad é/cé a raibh tionchar aige ar do smaointeoireacht?
Chun a iarraidh ar scoláirí na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann a thuar	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é a tharlódh dá... • Cad iad roinnt de na hiarmhairtí is féidir a bheith le...? • Cad é an toradh a bheadh ann dá n-úsáidíí tacar eile toimhdí chun an turgnamh seo a chur ar bun?
Chun scoláirí a spreagadh chun eolas a nascadh agus a eagrú	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a shoiléiríonn sé sin an coincheap a ndearna muid staidéar air an tseachtain seo chuaigh thart? • An féidir leat graf nó tábla a fhorbairt a eagraíonn an t-eolas seo ar bhealach cuidiúil?
Chun a iarraidh ar scoláirí prionsabal nó foirmle a chur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a chuirtear an prionsabal seo i bhfeidhm sa chás seo? • An bhfuil barúil ag aon duine conas a d'úsáidíímis an fhoirmle nua seo chun an fhadhb a fhuascailt a rinne muid a iniúchadh ar ball?
Chun a iarraidh ar scoláirí coincheap a léiriú le sampla	<ul style="list-style-type: none"> • An féidir leat smaoineamh ar shampla de sin, bunaithe ar do thaithí féin? • An féidir leat mír ar leith den úrscéal a lua a léiríonn an téama seo? • An féidir leat pictiúr nó dearadh a roghnú atá ina eiseamláir ar an smaoineamh sin?



Fócas ar an bhFoghlaim: Ceistiú Éifeachtach. 1.7

